North South Ministerial Council
Joint Secretariat

An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas
An Chomhrúnaíocht

# PÁIPÉAR CATT TEANG 3 (13) CR

# AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS

# CRUINNIÚ - AN FORAS TEANGA

# OIFIGÍ CHOMHRÚNAÍOCHT CATT, ARD MHACHA

# 10 IÚIL 2013

# COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an naoú cruinniú dhéag d'Fhoras Teanga na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas in Ard Mhacha ar an 10 Iúil 2013. I láthair ag an gcruinniú bhí Carál Ní Chuilín MLA, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, an tAire Sóisearach OCALCA Jonathan Bell MLA, Jimmy Deenihan TD, an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Donnchadh Mac Fhionnlaoich TD, Aire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Rinne an tAire Ní Chuilín cathaoirleacht ar an gcruinniú.

## ATHBHREITHNIÚ FHORAS NA GAEILGE AR BHUNMHAOINIÚ

2. Rinne na hAirí na socruithe nua maoinithe a fhaomhadh in ionad múnla reatha bunmhaoinithe Fhoras na Gaeilge, ag cuimsiú na bpríomhghnéithe seo a leanas:

- na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas á seachadadh ag 6 eagras ceannais ag feidhmiú ar bhonn uile-oileáin: oideachas trí mheán na Gaeilge; an Ghaeilge in oideachas trí mheán an Bhéarla; forbairt pobail agus eacnamaíochta theangabhunaithe; úsáid teanga; feasacht teanga, agus gréasáin óige;

- fóram comhpháirtíochta uile-oileáin le bunú ag Foras na Gaeilge chun cur chuige comhoibríoch ag an 6 eagras ceannais a chinntiú;

- fóram forbartha teanga uile-oileáin le bunú ag Foras na Gaeilge atá ionadaíoch de shainleasa teanga áitiúla atá maoinithe ag Foras na Gaeilge ag leibhéal an phobail;

- scéim raidió pobail le forbairt chun maoiniú a chur ar fáil do raidió pobail trí Ghaeilge sa dá dhlínse; agus

- maoiniú a chur ar fáil don Áisaonad sa todhchaí, mar is cuí, i gcomhthéacs fheidhm reachtúil Fhoras na Gaeilge i ndáil le tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

3. Thug an Chomhairle treoir freisin go leanfaidh Foras na Gaeilge leis na socruithe nua maoinithe a chur i bhfeidhm le héifeacht ó 1 Iúil 2014, faoi réir chead na Ranna Airgeadais, agus d'aontaigh an Chomhairle síneadh a chur leis na socruithe bunmhaoinithe go dtí 30 Meitheamh 2014 nuair a thiocfaidh na socruithe nua maoinithe i bhfeidhm.

**DÁTA AN CHÉAD CHRUINNITHE EILE**

4. D'aontaigh an Chomhairle go dtionólfar an chéad chruinniú eile d'Fhoras Teanga na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas i bhFómhar 2013.

**An Chomhrúnaíocht**
**10 Iúil 2013**

**www.northsouthministerialcouncil.org**